Táirgí Gruaige Dainséaracha

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi tháirgí gruaige dainséaracha. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. Irish Medicines Board _____
2. chemicals _____
3. market _____
4. joy/relief _____
5. dry hair _____
6. bothered by, irritated by _____
7. pharmaceuticals, medicines _____
8. decision _____
9. get in contact _____
10. health services _____

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad é an táirge atá i gceist sa mhír agus cén fáth gur mian le Bord Leigheasra na hÉireann é a bhaint den mhargadh?
2. Cén fáth a raibh lúcháir ar mhná dhá bhliain ó shin?
3. Cén dochar a dhéanann an formaildéad?
4. Cad a bhí le rá ag Sarah Wilkins?
5. Cén fáth ar luadh na seirbhísí sláinte?

Ceist 4. ‘*fógraíodh*’
Cén ghné den ghramadach é seo?

(a) Éist leis an mhír arís agus líon na bearnaí sa bhosca leis an fhoirm chuí den bhriathar a chloiseann tú.
(b) Líon na bearnaí atá fágtha ansin (i gcomhar leis an duine in aice leat) leis an fhoirm den bhriathar nach raibh le cloisteáil sa mhír.

Tá an chéad cheann déanta duit.

An briathar	**Aimsir Chaite**	**Aimsir láithreach**
Fógair	*Fógraíodh*	*Fógraítear*
Abair		
Cuir		
Maígh		
Tuairiscigh		
Mol		

Ceist 5 ‘*níos easca’*
Cén ghné den ghramadach é seo?

Cuir na focail seo (bunaithe ar an mhír) in abairtí lena mbrí a léiriú

easca	níos easca	is easca
folláin	níos folláine	is folláine
bog	níos boige	is boige
sláintiúil	níos sláintiúla	is sláintiúla

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An gcuireann tú féin mórán táirgí gruaige i do chuid gruaige?
An léann tú gach lipéad ar tháirgí gruaige nó ar chosmaidí? Cén fáth?
Cad a cheapann tú faoi dhaoine a chuireann dath ina gcuid gruaige nach é an dath gur dual dóibh féin é?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. Irish Medicines Board	*Bord Leigheasra na hÉireann*
2. chemicals	*ceimicí*
3. market	*margadh*
4. joy/relief	*lúcháir*
5. dry hair	*gruaig thirim*
6. bothered by, irritated by	*ag cur as do*
7. pharmaceuticals, medicines	*cógais*
8. decision	*cinneadh*
9. get in contact	*teagmháil a dhéanamh le*
10. health services	*seirbhísí sláinte*

Ceist 3

1. Is táirge é le haghaidh chóiriú gruaige agus ba mhaith leis an Bhord Leigheasra é a tharraingt ón mhargadh mar go bhfuil siad imníoch faoi chuid den ábhar atá sna ceimicí sa táirge.
2. Bhí lúcháir ar mhná dhá bhliain ó shin nuair a fógraíodh go raibh táirge nua ann a dúradh go ndéanfadh sé gruaig níos easca le láimhseáil agus go bhfágfadh sé níos folláine í ar feadh tréimhse trí mhí. Cuirtear an táirge sa ghruaig agus maítear go bhfuil leigheas ann do ghruaig thirim agus do ghruaig bhriste.
3. Cuireann sé as don chraiceann agus do na súile agus glactar leis go ndéanann sé dochar don tsláinte go fadtéarmach. Tuairiscíodh go raibh roinnt daoine sna Stáit Aontaithe agus fadhbanna acu análú.
4. Go bunúsach dúirt sí go raibh sí sásta leis an táirge, go raibh a cuid gruaige níos boige agus níos sláintiúla. Níor chuir an táirge isteach ar a craiceann nó ar a sláinte agus maíonn sí go bhfuil an t-eolas ar fad faoi na ceimicí ar fáil ar an táirge agus gur faoin chustaiméir féin é a úsáid.
5. Ní gá do dhaoine dul i dteagmháil leis na seirbhísí sláinte ach amháin má rinne an táirge seo dochar dóibh.

Ceist 4
An briathar saor atá i gceist anseo.

(a)

An briathar	Aimsir Chaite	Aimsir láithreach
Fógair	*Fógraíodh*	
Abair	*Dúradh*	
Cuir		*Cuirtear*
Maígh		*Maítear*
Tuairiscigh	*Tuairiscíodh*	
Mol		*Moltar*

(b)

An briathar	Aimsir Chaite	Aimsir láithreach
Fógair		*Fógraítear*
Abair		*Deirtear*
Cuir	*Cuireadh*	
Maígh	*Maíodh*	
Tuairiscigh		*Tuairiscítear*
Mol	*Moladh*	

Ceist 5
Céimeanna comparáide na haidiachta atá i gceist anseo. Tabhair tamall don rang na haidiachtaí a chur in abairtí.

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Tá Bord Leigheasra na hÉireann tar éis glaoch ar ais a dhéanamh ar roinnt táirgí do chóiriú gruaige. Tá imní ar an mBord faoi chuid den ábhar atá sna ceimicí. Tá tuairim is scór cineál de na táirgí atá i gceist ar díol ag gruagairí[i] ar fud na tíre ach níl gach ceann acu tógtha den mhargadh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Bhí lúcháir ar mhná dhá bhliain ó shin nuair a fógraíodh go raibh táirge nua ann a dúradh go ndéanfadh sé gruaig níos easca le láimhseáil agus go bhfágfadh sé níos folláine í ar feadh tréimhse trí mhí. Cuirtear an táirge sa ghruaig agus maítear go bhfuil leigheas ann do ghruaig thirim agus do ghruaig bhriste. Ach, le deireanaí ghlaoigh Bord Leigheasra na hÉireann ar ais ar chuid de na táirgí gruaige seo mar gheall ar an méid formaildéid atá iontu.

Bhuel, céard atá acu le bheith imníoch faoi fhormaildéad?
Tá sé in ainm is cur as do chraiceann mar shampla, nó go deimhin do do chuid súl[ii] agus tá sé in ainm is cur as do do chuid sláinte go fadtéarmach. Mar shampla, tuairiscíodh go raibh roinnt daoine agus fadhbanna acu análú sna Stáit Aontaithe. Tá tuairim is scór cineál de na táirgí á ndíol sa tír agus níl gach ceann acu tógtha den mhargadh. Moltar do dhaoine fiafraí céard iad cógais[iii] na ceimice sula gcuirfidh siad ina ngruaig é.

Sarah Wilkins – Custaiméir

Nuair a bhí siad ag cur an stuif i mo ghruaig, *em*, níor chuir sé as do mo chuid súl[iv] nó mo chraiceann nó tada mar sin agus bhí sé togha. Agus ina dhiaidh sin, *em*, bhí mo ghruaig i bhfad níos boige agus níos sláintiúla[v]. Ach an ceann a bhí agamsa, is ceiritin amháin a bhí ann, agus cheap mise go raibh sé, go raibh sé *really* go maith. Tá an t-eolas ann, *so* beidh daoine in ann cinneadh a dhéanamh le haghaidh an rud a fháil déanta nó gan é a fháil déanta.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Deir an Bord Leigheasra nach gá do dhaoine teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí sláinte ach sa gcás dochar a bheith déanta ag táirge gruaige dóibh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh. Nuacht TG4.

---

[i] *gruagadóirí* a deirtear
[ii] *súile* a deirtear
[iii] *cógaisí* a deirtear
[iv] *súile* a deirtear
[v] *sláintiúl* a deirtear